



# **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

**Tuarascáil Bhliantúil 2010/11**

## **Clár Ábhair**

*(Is é seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil de chuid Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Cuimsíonn an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2010 go dtí an 31 Lúnasa 2011)*



### **1. Réamhrá**

- 1.1 Ráiteas an Chathaoirligh**
- 1.2 Ráiteas an Uachtaráin**
- 1.3 Bunú na hInstitiúide**
- 1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide**



### **2. Rialachas**

- 2.1 An Bord Rialaithe**
- 2.2 Foireann Sinsir**



### **3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn**

- 3.1 An Chomhairle Acadúil**
- 3.2 Forbairtí Acadúla**
- 3.3 Cláir Cheadaithe**
- 3.4 Scrúdaitheoirí Seachtracha**
- 3.5 Staitisticí maidir le Mic Léinn**
- 3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí, agus Gnóthachtálacha na Mac Léinn**
- 3.7 Seirbhísí agus Áiseanna do Mhic Léinn**



### **4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha**

- 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha**
- 4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha**
- 4.3 Forbairt an Champais**
- 4.4 Bainistíocht Sábháilteachta**



[Redacted]

**5. Pearsanra**

**5.1 Líon na mBall Foirne**

**5.2 Gnóthachtálacha Foirne**

[Redacted]

**6. Tuarascáil Airgeadais**

[Redacted]

**7. Comhionannas Deiseanna**

[Redacted]

**Aguisín A.I**

**Achoimre ar Ráitis Airgeadais 2010/2011**

## **1. Réamhrá**

### **1.1 Ráiteas an Chathaoirligh**

Is mór agam an tuarascáil bhliantúil seo don bhliain acadúil 2010/2011 a chur i láthair.

In Eanáir 2011, d'fhoilsigh an tÚdarás um Ard-Oideachas an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais a fhad le 2030. Leagtar amach inti seo na príomhdhúshláin le haghaidh Institiúidí Oideachais, ar nós an IADT. Táim muiníneach go bhfuil seasamh maith ag an IADT chun na dúshláin seo a bhaint amach. Léiríonn cur i gcrích rathúil an Athbhreithnithe Institiúide in Aibreán 2011 agus baint amach rathúil an Údaráis Tharmhligthe le haghaidh Cláir Mhúinte Mháistreachta Leibhéal 9 go bhfuil sé ar chumas an IADT go leor a bhaint amach sa Timpeallacht Ardoideachais atá ag teacht chun cinn.

Seo an bhliain deiridh de théarma oifige an 4ú Comhlacht Rialaithe den Institiúid, ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige an 31 Márta. Is mian liom rannpháirtíocht na mball le linn a dtréimhse iomlán oifige a aithint – chuir roinnt díobh le forbairt na hInstitiúide ón dáta tionscanta i leith i 1997. Is mian liom, ach go háirithe, buíochas a ghlacadh le mo réamhtheachtaí mar Chathaoirleach na hInstitiúide, David Harvey, as ucht a cheannaireachta ar an gComhlacht Rialaithe le 5 bliana anuas. Ina theannta sin, is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do Niamh Bhreathnach mar gheall ar bheith ina Cathaoirleach ar an gComhlacht Rialaithe go dtí gur ceapadh mé i Meán Fómhair 2011. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na comhaltaí chuig an 5ú Comhlacht Rialaithe a ceapadh in Aibreán. Táim ag tnúth le hoibriú leo le linn ama ina dtitfidh go leor athruithe amach don Institiúid.

Cheap an Institiúid Uachtarán nua le héifeacht ón 1 Bealtaine, agus cuirim fáilte roimh an Dr Annie Doona chuig an bpost ag an tráth dúshlánach agus spreagúil seo don Institiúid. Is mian liom aitheantas a thabhairt do Jim Devine as ucht ar bhain sé amach don Institiúid le linn a théarma oifige 10 mbliana, agus buíochas a ghlacadh leis mar gheall ar an tseirbhís thiomanta a chur sé ar fáil agus chun gach rath a ghuí air ina ghairm amach anseo.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghlacadh le foireann na hInstitiúide as ucht a dtiomantais agus a ndúthrachta don Institiúid agus is mian liom comhghairdeas a ghlacadh leo mar gheall ar ar bhain siad amach le linn na bliana.

### **1.2 Ráiteas an Uachtaráin**

Lean an IADT le forbairt a dhéanamh le linn thréimhse 2010/2011. Is tréan don cháil atá orainn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon agus tá borradh ag teacht i gcónaí ar ár líonta mic léinn. In 2011, rinneadh Athbhreithniú Institiúide ar an IADT -

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

ár n-athbhreithniú mór um dheimhniú cáilíochta. Léiríonn an tuarascáil fhoilsithe a d'éascair ón bpainéal idirnáisiúnta athbhreithnithe, athuair, treise agus seasamh na hInstitiúide. Thug an tuarascáil chun solais líon príomhláidreachtaí atá anseo ag an IADT, lena n-áirítear ár bhfís agus ár misean soiléir, an bhéim atá againn ar theagasc agus ar fhoghlaim, ár nósanna imeachta um dheimhniú cáilíochta, an tsár-cháil atá ar an IADT i measc páirtithe leasmhara seachtracha agus réimse agus rath ár dTionscnamh Rochtana. Thug ár bhféinmheasúnú agus an tuarascáil athbhreithnithe chun solais ár láidreachtaí, agus ina theannta sin, chuir siad treoiphlean ar fáil dúinn le haghaidh feabhsúchán amach anseo.

Tá borradh tagtha ar ár líon mic léinn go dtí 2,208 mac léinn in 2010/11 agus áirítear leis seo líonta méadaitheacha de mhic léinn ón AE trínár scéim Erasmus. Leanann forbairt agus athrú ag teacht ar ár gcláir chun oideachas den scoth a chur ar fáil agus chun freagairt ar riachtanais an tionscail agus an phobail.

Tá borradh tagtha ar naisc idirnáisiúnta an IADT trí chomhaontuithe Erasmus a d'fhorbair ó dhá thír in 2009 go dtí breis agus deich gcinn in 2010/2011. Ghlac líon mic léinn den IADT ó réimse clár páirt in Erasmus; ghlac cinn eile páirt i gcuairteanna staidéir, comhdhálacha agus tionscnaimh phobail sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Lean mic léinn agus an fhoireann le dámhachtainí a bhaint amach agus a bhuachan ar na leibhéil ab airde, tugtar roinnt samplaí díobh seo i gcorp na tuarascála.

Lean forbairt ag teacht ar ghné Idir-Institiúideach ár n-oibre i mbliana; mar shampla, trí rannpháirtíocht sa DRHEA (Comhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath) agus trí thionscadail ar nós 'ENGAGE', a bhí faoi chistiú Chlár Meán an AE, a nasc an IADT leis na Príomhscoileanna Scannán i dtrí thír Eorpacha.

Ba dheas liom tiomantas agus tacaíocht ár bhfoirne agus ár mac léinn i ngach ceann dár n-éachtaí a aithint. Ina theannta sin, aithním tacaíocht luachmhar réimse fairsinge dár bpáirtithe leasmhara agus an phobail níos fairsinge. Baineann breis tábhachta lena dtacaíocht i dtréimhse neamhchinnteachta i dtaobh an IADT a shuíomh laistigh de straitéis náisiúnta le haghaidh ardoideachais, ach freisin i dtaobh brúnna ar sholáthar foirne agus ar bhuiséid. Leanann an IADT le mic léinn thiomanta agus chruthaitheacha a mhealladh agus chun tabhairt faoi na dúshláin atá amach romhainn ar bhealach dearfach.

Molaim an tuarascáil duit mar thaifead ar éachtaí na bliana seo caite, agus ina gcuimsítear forbairtí agus pleananna leanúnacha straitéiseacha d'fhorbairtí amach anseo.

### **1.3 Bunú na hInstitiúide**

Dheonaigh an tAire Oideachais, Niamh Bhreathnach, T.D. stádas féinrialaitheach ar Choláiste Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire, comhcholáiste de chuid Choiste

Gairmoideachais Dhún Laoghaire, de réir Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992-1994 le héifeacht ó 1 Aibreán 1997. D'athraigh an Coláiste a ainm trí Ordú ón Aire go dtí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le héifeacht ó 8 Eanáir 1998.

## **1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide**

### **Fís:**

A Bheith ar thús cadhnaíochta na múinteoireachta, an taighde agus na nuálaíochta ag coinbhéirseacht na n-ealaíon, na teicneolaíochta agus an fhiontair, agus cur le forbairt na hÉireann mar gheilleagar cruthaitheach eolasbhunaithe.

### **Misean:**

Is é misean Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire an cháil atá uirthi a choimeád agus a fheabhsú mar an rogha coláiste inár limistéir speisialaithe. Bainfear é seo amach trí chláir ghairmiúla atá bainteach leis an tionsclaíocht, chomh maith le cur chuige nuálaíoch i leith na múinteoireachta, na foghlama agus an mheasúnaithe a chur ar fáil, agus trí thabhairt faoi thaighde, fhorbairt fiontair agus nuálaíochta.

Léireoidh ár mic léinn agus ár mbaill foirne ilchineálacht na hÉireann nua agus beidh go leor daoine nach Éireannaigh iad ina measc. Beidh ár gcuid céimithe ar a lánchumas cur le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha. Agus borradh suntasach tagtha ar ár líon, beidh an Institiúid ina lárionad don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus beidh sí aitheanta mar pháirtí tábhachtach i bhforbairt beartas agus an tionscail, agus mar chomhpháirtí comhoibritheach don tionscal agus d'institiúidí ardoideachais eile.

## **2. Rialachas**

### **2.1 An Comhlacht Rialaithe**

#### **2.1.2 An Comhlacht Rialaithe amhail an 31 Márta, 2011**

Tháinig deireadh le téarma oifige an cheathrú Comhlacht Rialaithe d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíocht Dhún Laoghaire an 31 Márta 2011. D'fhan na comhaltaí mic léinn in oifig go dtí deireadh a dtéarma an 30 Meitheamh 2011. Chas an Comhlacht Rialaithe ar a chéile 9 n-uaire sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2010 go dtí an 31 Márta 2011.

<u>Ainm an Chomhalta</u>	<u>Líon na gCruinnith ar ar Freastalaíodh</u>
An tUasal David Harvey (Cathaoirleach)	9
An tUasal Jim Devine (Uachtarán) [ <i>Téarma oifige arna chur i gcrích an 30 Aibreán 2011</i> ]	9
An Comh. Niamh Bhreathnach (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)	7
An Comh. Donal Marren (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)	8
An Comh. Jane Dillon Byrne (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)	8
An Comh. Stephen Fitzpatrick (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)	9
An tUasal Mary Elliott (Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath)	6
An tUasal Eleanor Roche (Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin)	8
An tUasal Joe Byrne (ICTU) *	0
Ms. Jennifer Condon (Fiontraíocht Éireann)	3
An tUasal Patricia McKenna (An Chomhairle Ealaíon)	9
An tUasal Davitt Byrne (Ericsson)	0
An tUasal Siobhán Bourke (Bord Scannán na hÉireann)	4
An tUasal Keith Foran (Foireann Acadúil)	7
An tUasal Marion Palmer (Foireann Acadúil)	8
An tUasal Eddie Lennon (Foireann Neamhadúil)	6

#### **Comhaltaí Mic Léinn den Chomhlacht Rialaithe (arna gceapadh ar bhonn bliantúil)**

An tUasal Marie Farrell [ <i>an 1 Iúil 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2011</i> ]	9
An tUasal Joseph Geary [ <i>an 1 Iúil 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2011</i> ]	8

\* Fuair an tUasal Joe Byrne bás i Márta 2011 tar éis galar fadtéarmach

**An Comhlacht Rialaithe – amhail an 31 Lúnasa 2011**

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna an cúigiú Comhlacht d’Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire do théarma cúig bliana ón 1 Aibreán 2011. Níor cheap an tAire Cathaoirleach go dtí an 19 Meán Fómhair 2011. Ceapadh beirt ionadaithe mic léinn roimhe sin do thréimhse bhliana go dtí an 30 Meitheamh 2011. Chas an Comhlacht Rialaithe ar a chéile dhá uair sa tréimhse ón 1 Aibreán 2011 agus go dtí an 31 Lúnasa 2011. Toghadh an Comhairleoir Niamh Breathnach ina Cathaoirleach ar na cruinnithe seo.

<u>Ainm an Chomhalta</u>	<u>Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh</u>
An Dr Annie Doona (Uachtarán)	2
An Comh. Niamh Bhreathnach (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)	2
An Comh. Donal Marren (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)	2
An Comh. Stephen Fitzpatrick (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)	2
An tUasal Tom Taylor (Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire)	2
An Dr Tim Jackson (Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath)	2
An tUasal Eleanor Roche (Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin)	1
An tUasal Pearse Connolly (ICTU)	2
An tUasal Clíodhna Shaffrey (an Chomhairle Ealaíon)	2
An tUasal Clodagh Whelan (Fiontraíocht Éireann)	1
An tUasal Eavann Murphy (Vodafone Ireland) <i>[arna ceapadh an 7 Iúil 2011]</i>	N/B
An tUasal Anthony (Finn) McGuirk (Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath) *	0
An tUasal Siobhán Bourke (Bord Scannán na hÉireann)	2
An tUasal Barry Dignam (Foireann Acadúil)	1
An Dr Dióg O’Connell (Foireann Acadúil)	2
An tUasal Derek Larkin (Foireann Neamhacadúil)	2

**Comhaltaí Mic Léinn den Chomhlacht Rialaithe (arna gceapadh ar bhonn bliantúil)**

An tUasal Marie Farrell <i>[an 1 Iúil 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2011]</i>	0
An tUasal Joseph Geary <i>[an 1 Iúil 2010 go dtí an 30 Meitheamh 2011]</i>	0
An tUasal Lisa Murphy <i>[an 1 Iúil 2011 go dtí an 30 Meitheamh 2012]</i>	N/B
An tUasal David Edwards <i>[an 1 Iúil 2011 go dtí an 30 Meitheamh 2012]</i>	N/B

*\* Arna éirí as an bpost an 13 Aibreán 2011 agus cuireadh Cormac Shaw ina ionad an 18 Samhain 2011*

An tUasal Rónán Ó Muirthile (Cathaoirleach) *[arna cheapadh an 19 Meán Fómhair 2011]*



**2.2 Foireann Shinsearach (amhail an 31/08/11)**

Uachtarán	An Dr Annie Doona*
Cláraitheoir	An Dr Marian O'Sullivan
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais	Bernard Mullarkey
Ceann na Forbartha	Folamh
Ceann Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí	An Dr Josephine Browne
Ceann Scoil na nEalaíon Cruthaitheach	Seán Larkin
Ceann Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha	Andrew Power
Ceann Roinn na hEalaíne agus an Deartha	Liam Doona
Ceann Roinn an Ghnó agus na Fiontraíochta	Therese Moylan
Ceann Roinn na Scannán agus na Meán	Donald Taylor Black
Ceann Roinn na nDaonnachtaí	An Dr Paula Gilligan
Ceann Roinn na nEolaíochtaí Foghlama	An Dr Marion Palmer
Ceann Roinn na Teicneolaíochta	An Dr Mark Riordan
Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn	David Doyle
Bainisteoir na nEastát agus na Saoráidí	Grace Weldon
Bainisteoir Seirbhísí Seachtracha	Folamh
Bainisteoir Airgeadais	Conor Logan
Bainisteoir Acmhainní Daonna	Kevin Browne
Bainisteoir T.F.	Colm Hennessy
Leabharlannaí	Deirdre Judge
Stiúrthóir Cruthaitheach, Scoil Náisiúnta na Scannán	Donald Taylor Black

*\*Arna cheapadh an 1 Bealtaine 2011*

### **3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn**

#### **3.1 An Chomhairle Acadúil**

**3.1.1** Tagann an Chomhairle Acadúil le chéile trí huair ar a laghad sa bhliain agus is é an córam aon trian den bhallraíocht. Rith an Bord Rialaithe togra le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gComhairle Acadúil ar 19 Meitheamh 2006 agus cheadaigh an Bord Rialaithe an struchtúr nua ar 6 Meán Fómhair 2006. Ina theannta sin, ceadaíodh athruithe ar bhallraíocht na bhFochoistí éagsúla chomh maith.

**3.1.2** Chuir an Chomhairle Acadúil na Fochoistí seo a leanas ar bun:

- An Fochoiste um Bailíochtú Clár (An Buanchoiste roimhe seo)
- An Fochoiste Pleanála Acadúla, Comhordaithe agus Athbhreithnithe
- An Fochoiste Taighde, Forbartha agus Idirchaidrimh Sheachtraigh
- An Fochoiste Leabharlainne, Faisnéise agus Acmhainní Foghlama
- An Fochoiste Disciplíneach
- An Fochoiste Achomharc

**3.1.3** Is é seo a leanas ballraíocht na Comhairle Acadúla amhail ar 31 Lúnasa 2011:

#### **Comhaltaí ex officio**

##### **Ainm**

##### **Teideal**

An Dr Annie Doona	An tUachtarán agus an Cathaoirleach
An Dr Marian O'Sullivan	Cláraitheoir
An Dr Josephine Browne	Ceannasaí Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Seán Larkin	Ceannasaí Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
David Doyle	An Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn
An Leabharlannaí	Deirdre Judge
Joe Geary/	
David Bhreathnach	An tUachtarán, Aontas na Mac Léinn

#### **Comhaltaí Tofa**

##### **Ainm**

##### **Teideal**

Paul Gregg	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Thelma Chambers	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
David Quin	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach (freastal acadúil páirtaimseartha)
Therese Moylan	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Maria Parsons	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Stephen Boyd páirtaimseartha)	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí (freastal acadúil
An Dr John Greaney	Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

**Comhaltaí Tofa (ar lean.)**

**Ainm**

An Dr Mark Riordan  
Timm Jeschawitz  
John Dempsey  
Darren McKenna

**Teideal**

Ceannasaí Roinn na nEolaíochtaí Foghlama  
Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha  
Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha  
Ionadaí Aontas na Mac Léinn

## **3.2. Forbairtí Acadúla**

**Athbhreithniú Institiúide** – thit Athbhreithniú Institiúide an IADT amach ón 17 go dtí an 19 Eanáir 2011. Le linn an athbhreithnithe, chas an Painéal, ar a raibh an tOllamh David Vaughan ina Chathaoirleach, le grúpaí éagsúla a rinne ionadaíocht don Chomhlacht Rialaithe - an fhoireann, na mic léinn, na céimithe agus páirtithe leasmhara seachtracha a rinne ionadaíocht rannpháirtíocht na hInstitiúide ar bhonn áitiúil, leis an bpobal agus le scoileanna agus rannpháirtíocht na hInstitiúide leis na hearnálacha tionscail/cultúrtha a bhfuil an IADT ailínithe leo. Sa mhullach air sin, thug comhaltaí an Phainéil faoi athbhreithniú ar cháipéisíocht lenar bhain gach gné d’obair an IADT. Ba dhearfach do thoradh foriomlán an Athbhreithnithe agus fuarthas an tuarascáil deiridh in Aibreán 2011.

**Údarás Tarmlichte do Chláir Mhúinte Leibhéal 9** – an 11 Aibreán 2011, tháinig painéal den HETAC le chéile san institiúid chun athbhreithniú a dhéanamh ar iarratas an IADT chun Cláir Iarchéime Mhúinte Leibhéal 9 a bhronnadh. Bhí an tUasal Marion McCoy ina Cathaoirleach ar an bpainéal, arb í Iar-Uachtarán Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo agus áiríodh ar an bpainéal an tUasal Brendan Goggin, Iar-Chláraitheoir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, an tOllamh Alan Livingston, Iar-Reachtaire Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Iar-Reachtaire Ollscoil Falmouth, agus an tUasal Andy May, Stiúrthóir Oibríochtaí TV3. An 19 Meán Fómhair 2011, fuair an Institiúid deimhniú an fhaofa chun Cláir Iarchéime Mhúinte Leibhéal 9 a bhronnadh.

## **3.3. Cláir Fhaofa**

### **3.3.1 Cláir Lánaimseartha – 2010/2011**

#### **Scoil na nEalaíon Cruthaitheach**

Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhar Scannán agus Meán Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bheochan

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh in Amharc-chumarsáid

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtas na nAmharcealaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Léiriúcháin)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Feistis)

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin (Dearadh Smididh)

Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhar na Scannán agus na Teilifíse  
Máistir Ealaíon i gCleachtas na nAmharcealaíon

Máistir Ealaíon sa Leiriúchán Craolacháin i gcomhar an Raidió agus na Teilifíse

Máistir Ealaíon sna hEalaíona Cruthaitheacha trí Thaighde

### **Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha**

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Ciosamhairc

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin (forlíonadh)

Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach

Máistir Eolaíochta sna hEolaíochtaí Foghlama trí Thaighde

### **Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí**

Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht agus Bainistíocht

Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (forlíonadh)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sna Meáin Béarla agus sa Staidéir Chultúrtha

Dioplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha

Máistir Ealaíon sna Daonnachtaí trí Thaighde

Máistir Ealaíon sa Ghnó agus san Fhiontraíocht trí Thaighde

*Tá gach ceann de na cláir thuasluaite bailíochtaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna*

### **3.3.2 Cláir Pháirtaimseartha lena n-áirítear CBCTÁ – 2010/2011**

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtas na nAmharcealaíon (Modh CBCTÁ)

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sna Meáin, sa Bhéarla agus sa Staidéir Chultúrtha

Máistir Ealaíon i gCleachtas na nAmharcealaíon (Modh CBCTÁ)

**Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

---

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht  
Máistir Ealaíon i Staidéir Chultúr an Phobail  
Diplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha  
Teastas sa Chibirshíceolaíocht  
Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt  
Teastas i Léirshamhlú Sonraí  
Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí

**3.3.3 Cláir Nua Lánaimseartha ar Tairiscint 2010/11**

Níor cuireadh aon chlár nua ar tairiscint le linn 2010/11

**3.3.4 Teastas Nua Cáiliúcháin Shainchuspóirigh ar Tairiscint 2010/11**

Teastas i Léirshamhlú Sonraí  
Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí

### **3.4. Scrúdaitheoirí Seachtracha**

#### **3.4.1 Bliain Acadúil 2010/2011**

CLÁIR SA GHNÓ AGUS SNA DAONNACHTAÍ

##### **Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht**

An Dr Denis Harrington  
An tUasal Ger Long  
An tUasal John Fogarty

##### **Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bhéarla, sna Meáin agus sna Staidéir Chultúrtha**

An Dr John Ennis  
An Dr Estella Tincknell  
An Dr Marcus Free  
An tOllamh Stephen Shapiro

##### **Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon**

An tOllamh Chris Kemp  
An tUasal Ger Long  
An tUasal John Fogarty  
An Dr Emer Ní Bhrádaigh

##### **Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht**

An Dr Denis Harrington  
An tUasal Ger Long  
An tUasal John Fogarty

##### **Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (*Forlíonadh 1 Bhliain, lánaimseartha agus páirtaimseartha*)**

An Dr Denis Harrington  
An tUasal Ger Long  
An tUasal John Fogarty

##### **Máistir Ealaíon i Staidéir Chultúr an Phobail**

An Dr John Ennis  
An Dr Marcus Free  
An tOllamh Stephen Shapiro

##### **Dioplóma Gnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha**

An tOllamh Chris Kemp

CLÁIR SNA TEICNEOLAÍOCHTAÍ CRUTHAITHEACHA

**Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach**

An tUasal Philip Bourke  
An tUasal Colm Dunphy

**Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc**

An Dr Andrew Donnellan

**Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin**

An tUasal Colm Dunphy  
An tUasal Philip Bourke

**Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin (forlíonadh)**

An tUasal Colm Dunphy  
An tUasal Philip Bourke

**Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach**

An Dr Brian Hughes  
An Dr Elizabeth Hellier

**Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht**

An Dr John McCarthy  
An Dr Chris Fullwood

**Teastas sa Chibirshíceolaíocht (Cáiliúchán Sainchuspóireach)**

An tUasal Ellen Helsper

**Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí (Cáiliúchán Sainchuspóireach)**

An tUasal Colm Dunphy

**Teastas i Léirshamlú Sonraí (Cáiliúchán Sainchuspóireach)**

An tUasal Colm Dunphy

**Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt (Cáiliúchán Sainchuspóireach)**

An Dr Brian Hughes

CLÁIR SNA HEALAÍONA CRUTHAITHEACHA

**Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhar Scannán agus Meán**

An tUasal Sam Russell



**Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

---

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bheochan**

An tUasal Paul Wells  
An tUasal Leonie Sharrock

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht**

An tUasal Max Kandhola  
An tOllamh Liz Wells

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh in Amharc-chumarsáid**

An tUasal Adrian Shaughnessy  
An tUasal Monika Parrinder

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtas na nAmharcealaíon (lánaimseartha agus CBCTÁ)**

An Dr Gavin Murphy  
An Dr Susan Kelly

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse**

An Dr Debbie Ging  
An tUasal Les Blair

**MA Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhar na Scannán agus na Teilifíse**

An Dr Ruth Barton  
An tUasal Mark O'Halloran

**Máistir Ealaíon i gCleachtas na nAmharcealaíon**

An tUasal Eleni Roula Markopoulos

**Máistir Ealaíon sa Leiriúchán Craolacháin (Raidió agus Teilifís)**

An tUasal Martin Mahon  
An tUasal Ronan Kelly

**Dioplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha**

An tUasal Emmet O'Neill

### **3.5 Staitisticí maidir le Mic Léinn**

#### **3.5.1 Líon na Mac Léinn de réir Disciplíne 2010/2011**


<b>Disciplín</b>	<b>An Chéad Bhliain</b>	<b>Blianta Eile</b>	<b>Iomlán</b>
Baitsiléir Ealaíon sa Dearadh i nDéanamh Samhaltán i gcomhar Scannán agus Meán	-	2	2
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach	15	40	55
Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach	42	54	96
Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht	41	66	107
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i nDéanamh Samhaltán, Dearadh agus Maisíochtaí Digiteacha	33	38	71
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh i gcomhar an Ardáin agus an Scáileáin	27	30	57
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Bheochan	27	86	115
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Ghrianghrafadóireacht	29	64	93
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Dearadh in Amharc-chumarsáid	39	85	124
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtas na nAmharcealaíon	42	137	179
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) sa Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse	27	93	120
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach	58	154	212
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin	23	47	70
Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheánacha agus Innealtóireacht i gcomhar an Ghréasáin (forlónadh)	-	15	15
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i mBéarla, na Meáin agus Staidéar Cultúir (lánaimseartha agus páirtaimseartha)	77	182	259
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht na nEalaíon	50	133	183
Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht agus Bainistíocht	61	99	160
Baitsiléir Gnó (Onór.) san Fhiontraíocht (forlónadh)	-	18	18
Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhar na Scannán agus na Teilifíse (lánaimseartha agus páirtaimseartha)	-	11	11
Máistir Ealaíon i gCleachtas na nAmharcealaíon	-	32	32
Máistir Ealaíon sa Leiriúchán Craolacháin i gcomhar an Raidió agus na Teilifíse	-	24	24

Disciplín	An Chéad Bhliain	Blianta Eile	Iomlán
Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCleachtas na nAmharcealaíon (CBCTÁ)	-	31	31
Máistir Ealaíon i Staidéar Chultúr an Phobail (lánaimseartha agus páirtaimseartha)	-	9	9
Máistir Ealaíon i gCleachtas na nAmharcealaíon (CBCTÁ)	-	18	18
Postgrad. Diploma in Business in Cultural Event Management	-	11	11
Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht (páirtaimseartha)	-	19	19
Dioplóma Iarchéime/Máistir/Máistir Eolaíochta sna Meáin Dhigiteacha	-	12	12
Teastas sa Chibirshíceolaíocht (Cáiliúchán Sainchuspóireach)	-	8	8
Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt (Cáiliúchán Sainchuspóireach)	-	28	28
Teastas i Léirshamlú Sonraí (Cáiliúchán Sainchuspóireach)	-	5	5
Teastas in Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí (Cáiliúchán Sainchuspóireach)	-	10	10
<b>IOMLÁN</b>	<b>593</b>	<b>1415</b>	<b>2008</b>

*NB Ní chuirtear clárúcháin le haghaidh Máistrí ná Máistrí Eolaíochta trí Thaighde san áireamh sna figiúirí thuasluaite.*


**Líon Iomlán Clárúcháin na Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal an Cháiliúcháin**

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Gnáthcéim Bhaitsiléara	78	20	98
Céim Onóracha Bhaitsiléara	232	263	495




**Líon Iomlán na Mac Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal an Cháiliúcháin**

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Gnáthcéim Bhaitsiléara	209	51	260
Céim Onóracha Bhaitsiléara	792	892	1664
Máistir/Diplóma Iarchéime	29	55	84




**Líon Iomlán na Mac Léinn Páirtaimseartha de réir Leibhéal an Cháiliúcháin**

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Céim Onóracha Bhaitsiléara	13	30	43
Máistir/Diplóma Iarchéime	21	31	52
Dámhachtainí Cáiliúcháin Shainchuspóirigh	32	19	51



**Líon na gCéimithe in 2010/11 de réir Leibhéal an Cháiliúcháin \***

LEIBHÉAL AN CHÁILIÚCHÁIN	FIR	MNÁ	IOMLÁN
Ardeastas	2	0	2
Gnáthcéim Bhaitsiléara	70	43	113
Céim Onóracha Bhaitsiléara	149	167	316
Máistreacht	27	44	71
Diplóma Iarchéime	4	7	11



\* Bhí searmanais bhronnta céimeanna ar siúl i Samhain 2010 agus in Aibreán 2011

## **3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí, agus Gnóthachtálacha na Mac Léinn**

### **3.6.1 Duaiseanna/Gnóthachtálacha na Mac Léinn – 2010/2011**

#### **Oíche Chultúrtha** (Meán Fómhair 2010)

Bhuaigh Conor Lumsden (Bliain 4 sa Dearadh in Amharc-chumarsáid) an comórtas náisiúnta mic léinn chun an fhéiniúlacht a dhearadh don Oíche Chultúrtha a bhí ar siúl an 24 Meán Fómhair 2010 ina raibh imeachtaí ar bun i 20 baile, cathair agus contae in Éirinn.

#### **Dámhachtain Mhac Léinn Idirnáisiúnta an YNC** (Meán Fómhair 2010)

Bronnadh ardmholadh ar Lynzie Richie (Bliain 3 sa Dearadh in Amharc-chumarsáid) as ucht ar sheol sí isteach chuig Dámhachtainí Mhac Léinn Idirnáisiúnta an YNC. Tá Dámhachtainí Mhac Léinn Idirnáisiúnta an YNC i measc na ndámhachtainí mic léinn is mó cáil agus tá an comórtas oscailte do mhic léinn ar fud na RA agus na hÉireann.

#### **Dámhachtainí Fhéile Scannán Chorcaí** (Samhain 2010)

- Bronnadh Dámhachtain an Stiúrthóra Céaduaire is Fearr ar Ghearrscannán ar Cathy Brady [Iarchéimí Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse] dá píosa dar teideal 'Small Change'.
- Bronnadh an dámhachtain don Ghearrscannán is fearr ar Brian Power [Iarchéimí Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse 2009] dá shaothar dar teideal 'Kettle'.

#### **Sparánacht Taighde Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann** (Samhain 2010)

Bhronn an RIAI sparánacht taighde ar Bhláithín Quinn [Iarchéimí Baitsiléir Ealaíon i gCleachtas na nAmharcealaíon (Modh CTBCTÁ) 2010]. Bhí a tionscadal, 'TransColonia' i measc na dtrí iontráil bhuachana sa chomórtas taighde '3twenty10'. Fuair gach buaiteoir stipinn €5,000 le forbairt a dhéanamh ar a mbunsmaoineamh agus é a fhairsingiú. Cuireadh na torthaí i láthair ag taispeántas i mBaile Átha Cliath i Márta 2011.

#### **Dámhachtainí LivCom** (Samhain 2010)

Bronnadh Dámhachtain Óir ar Ghráinne McLoughlin (Iarchéimí Máistir Ealaíon i Staidéir Chultúr an Phobail) as ucht a tionscadail féininiúchta ar Chontae Chill Mhantáin, mar aon le Dámhachtain Airgid dá tionscadal ar Thearmann Dúlra an Chósta Thoir.

#### **Ceann Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha** (Samhain 2010)

Bronnadh Dámhachtainí Mhac Léinn na Bliana Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha ar na mic léinn a leanas ag searmanas bronnta céimeanna Shamhain 2010:

- Brendan Moylan (Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmhéanach)

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

- John Belling (Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht na Meán Digiteach)
- Rebecca Richards [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmhéanach/Innealtóireacht Gréasáin]
- Pauline Piasek [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Síceolaíocht mar a chuirtear i bhfeidhm ar Theicneolaíocht Faisnéise]

### **Dámhachtainí na Scripte Céime is Fearr (Samhain 2010)**

Bronnadh Dámhachtainí Mhac Léinn na Bliana Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha ar an mac léinn a leanas ag searmanas bronnta céimeanna Shamhain 2010:

- Mark Higgins (Máistir Eolaíocht sa Chibirshiceolaíocht)

### **Tionscadal Mac Léinn na Bliana Ionad Oideachais na Carraige Duibhe**

(Samhain 2010)

Bronnadh Dámhachtainí Mhac Léinn na Bliana Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha ar an mac léinn a leanas ag searmanas bronnta céimeanna Shamhain 2010:

- Fiona Keane [Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Síceolaíocht mar a chuirtear i bhfeidhm ar Theicneolaíocht Faisnéise]

### **Dámhachtainí Bonn Óir Bhanc na hÉireann (Samhain 2010)**

Bronnadh dámhachtainí Bonn Óir ar na mic léinn a leanas ag searmanas bronnta céimeanna 2010:

- Leona Barry (Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht)
- Katie O'Brien [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht]
- Leona Cully (Máistir Ealaíon i Staidéir Chultúr an Phobail)
- Timothy Smyth [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bhéarla, sna Meáin agus i Staidéir Chultúrtha]
- John Joyce [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus i mBainistíocht Ealaíon]

Bronnadh Dámhachtainí Sármhaitheasa ar Sophie Reynolds [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bhéarla, sna Meáin agus i Staidéir Chultúrtha].

### **Dámhachtainí Premier Foods (Samhain 2010)**

Bronnadh Bainistíocht Margaíochta Straitéisí ar Pollie Fottrell [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht] ag searmanas bronnta céimeanna 2010 an IADT.

### **Dámhachtainí Mhic Léinn Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (Samhain 2010)**

Bronnadh Dámhachtainí Mac Léinn ar na mic léinn a leanas ag searmanas bronnta céimeanna Shamhain 2010:

- Vicki O'Sullivan (Baitsiléir Gnó san Fhiontraíocht) don Ghrád ab airde i mBainistíocht Fiontraíochta

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

- Michael Noble [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht] don Ghrád ab airde i bhFiontraíocht
- Sarah Pratt [Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Staidéar Gnó agus i mBainistíocht Ealaíon] dá hÉacht i mBainistíocht Straitéiseach

### **Dámhachtain an NFS/Film Base do Scannán agus do Léiriúchán Teilifíse**

(Samhain 2010)

Bronnadh an dámhachtain seo ar Cathy Brady [Iarchéimí Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse] dá píosa dar teideal 'Small Change' ag searmanas bronnta céimeanna an IADT.

### **Cónaitheacht Ógchoimeádaí Fondazione Sandretto Re Rebaudengo (Nollaig 2010)**

Roghnaíodh Pádraic Moore (Iarchéimí Máistir Ealaíon i gCleachtas na nAmharcealaíon 2007) don chlár mór le rá cónaitheacht choimeádaí seo. Tá sé de chuspóir ag an tionscadal seo cumas intleachtúil agus gairmiúil ógchoimeádaíthe a fhorbairt agus chun ealaín chomhaimseartha na hIodáile a chur chun cinn ar fud an domhain. Gach bliain, roghnaítear triúr coimeádaíthe óga ó scoileanna/institiúidí idirnáisiúnta agus tugtar cuireadh dóibh teacht chun na hIodáile ar feadh ceithre mhí, agus bíonn taispeántas ealaíontóirí sa Palazzo Re Rebaudengo in Iarthuaisceart na hIodáile mar bhuaicphointe ar an ócáid.

### **Féile Scannán Sundance (Eanáir 2011)**

Léiríodh gearrscannán Cathy Brady agus Tommy Fitzpatrick's [Iarchéimíthe Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse 2010] dar teideal 'Small Change' ag Féile Scannán Sundance in Park City, Utah, SAM. Is é Féile Scannán Sundance an príomhthaispeántas idirnáisiúnta le haghaidh cineama neamhspleách.

### **Dámhachtainí an IFTA (Feabhra 2011)**

- Bronnadh Dámhachtain Gearrscannáin Philips ar Cathy Brady agus ar Tommy Fitzpatrick [Iarchéimíthe Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse] dá scannán dar teideal 'Small Change'.
- Bronnadh Dámhachtain Bheochana ar David O'Reilly [Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan 2007] dá scannán dar teideal 'The External World'

### **Féile Scannán Idirnáisiúnta Jameson (Feabhra 2011)**

Bronnadh Dámhachtain an Ghearrscannáin is Fearr ar Cathy Brady [Iarchéimí Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse] dá píosa dar teideal 'Small Change'.

### **Dámhachtainí na Meán Digiteach (Márta 2011)**

- Bronnadh Dámhachtain Dhigiteach na Mac Léinn ar Kelley O'Sullivan [Bliain 4 den Bhaitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan] dá saothar dar teideal 'Lie Out of Life'.

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

- Bronnadh Dámhachtain Dhigiteach na Mac Léinn ar Lisa Crosby [Bliain 4 den Bhaitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan] dá saothar dar teideal 'Play'.

### **Dámhachtainí Meán na Mac Léinn (Aibreán 2011)**

- Bronnadh dámhachtain Ghrianghrafadóir na bliana ar Kyle Tunney [Bliain 1 den Bhaitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht]

### **Comórtas Dearadh Cupáin le Bogearraí Microsoft Imagine**

Bhain Emmanuelle Cerovic-Bunn agus Louise Macaulay [bliain 4 i mBaitsiléir Ealaíon i Síceolaíocht Fheidhmeach araon], agus Seán Bolger agus Jessica Boyd-Farrell (mic léinn Ríomhaireachta i gCórais ilmheán) an duais le haghaidh an Fheidhmchláir Ghutháin Windows 7 is Fearr lena bhfeidhmchlár 'Explorawalk'. Is é cuspóir an fheidhmchláir seo teaghláigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foireannbhunaithe trí uirlis siamsaíochta oideachasúil agus spreagúil a chur ar fáil dóibh.

### **Féile na Meán Ceilteach (Aibreán 2011)**

- Bhuaigh John Walsh [Iarchéimí Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan 2010] an duais i gcatagóir na Beochana dá shaothar dar teideal 'Whatever Happened to Ultra Man?'
- Bhuaigh Cathy Brady agus Tommy Fitzpatrick [Iarchéimithe Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse] duais chatagóir an Fhicsin dá scannán dar teideal 'Small Change'.

### **Cur ar Scáileán Channel 4 (Iúil 2011)**

Cuireadh scannán Cathy Brady [Iarchéimí Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán i gcomhar Scannán agus Teilifíse] dar teideal 'Rough Skin' ar an scáileán ar Channel 4 an 11 Iúil 2011.



## **3.7 Seirbhísí agus Áiseanna do Mhic Léinn**

### **3.7.1 An Coiste um Sheirbhísí do Mhic Léinn (CSML)**

Bunaíodh Coiste Sheirbhísí na Mac Léinn (CSML), le comhbhallraíocht idir mic léinn agus baill foirne, i nDeireadh Fómhair 1998 chun clár agus seirbhísí éagsúla a phleanáil, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm atá ceaptha d'fhonn deis a thabhairt do mhic léinn a lánchumas acadúil agus pearsanta a bhaint amach. Tá an Coiste maoinithe ag an muirear bliantúil caipitíochta mac léinn agus tugann sé tacaíocht do na seirbhísí seo a leanas go hiomlán nó go páirteach:

- Seirbhís Liachta (Dochtúir agus Altra)
- Seirbhís Chomhairleoireachta
- Seirbhís Ghairmthreorach
- Oifigeach Spórt agus Áineasa
- Ceardlanna Scríbhneoireachta agus Scileanna Taighde
- Aontas na Mac Léinn
- Clubanna agus Cumainn

Chomh maith leis na seirbhísí thuasluaite, reáchtálann an Coiste ciste lánrognach chun cúnamh a thabhairt do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí airgeadais orthu. Déantar plé le gach iarratas faoi rún daingean.

Gach bliain, cuireann seirbhísí de chuid Choiste Sheirbhísí na Mac Léinn tuarascáil bhliantúil le chéile a dhéanann cur síos ar a ngníomhaíochtaí le linn na bliana. Tugtar breac-chuntas ar eochairphointí na dtuarascálacha sin thíos.

#### **An Oifig Rochtana:**

- Cuireann an Oifig Rochtana tacaíocht ar fáil do na grúpaí seo a leanas:
  - foghlaimoirí aosacha
  - mic léinn faoi mhíchumas
  - lucht fágála scoile faoi mhíbhuntáiste sóisialta
  - mionlaigh eitneacha / daoine den lucht siúil
  - tuismitheoirí aonair
  - tionscnaimh phobail.
- Leithdháileadh cistithe ar thart ar 200 mac léinn tríd an gCiste Cúnta Mic Léinn le linn 2010/11.
- Lean méadú ag teacht ar an líon mic léinn a d'fhógair go raibh siad faoi mhíchumas le linn 2010/11, agus bhí an ráta rannpháirtíochta (7.5%) ab airde le sonrú ag an IADT (ba 3.6% an meánráta ar fud na hearnála IoT).
- Cuireadh measúnuithe síceolaíochta oideachais ar fáil do 16 mhac léinn le linn 2010/11.

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

- Lean Córas 1 agus 2 de Chuntais Dhíomhaoine an IADT le trí réimse tacaíochta a sholáthar do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil, lena n-áirítear tionscnaimh choinneála, oideachas réamhiontrála agus na cláir for-rochtana rathúla ealaíne a bhain dámhachtain amach a sholáthar do ghrúpaí áitiúla den Lucht Siúil.
- D'éirigh linn tús a chur le cúig chlár Lingchláir san fhómhar, a chuir an deis ar fáil do 70 duine dífhostaithe chun scileanna a fhoghlaim, athoiliúint a fháil agus ullmhú don mhargadh post.
- Lean an Oifig Rochtana le naisc a chruthú le grúpaí áitiúla pobail, lena n-áirítear Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Comhpháirtíocht Bhré, an Oifig Oideachais do Dhaoine Fásta – Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, an tAonad Cuimsithe Shóisialta (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin), UNITE (Tionscadal Dídeanaithe Dhún Laoghaire), AONTAS (an Cumann Náisiúnta um Oideachas Aosach), Youth at Risk (Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath), agus “an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas”, Seirbhís Oideachais Aosach Dhún Laoghaire.

### **Teicneolaíocht Chúnta**

- Thacaigh an tseirbhís Teicneolaíochta Cúnta breis agus 100 mac léinn in 2010/11, agus baineadh leas as réimse teicneolaíochtaí, lena n-áirítear ríomhairí glúine agus bogearraí tiomanta Teicneolaíochta Cúnta.
- I measc shraith na dTeicneolaíochtaí Cúnta a úsáideadh bhí an méid a leanas:
  - Crua-earraí – Ríomhairí, foclóirí Leictreonacha agus stórchiste, Scanóirí chun téacs a choigeartú ina théacs leictreonach agus Deactafóin.
  - Bogearraí – Read and Write Gold 8 (bogearraí litearthachta cúnta), Dragon Naturally Speaking 10 (bogearraí gutha-téacs); Inspirations nó Mindmanager (bogearraí meabhairmhapála) agus úsáideadh MS Word lena ghnéithe inrochtana.
- I rith 2010/11, cuireadh oiliúint ar theicneolaíocht chúnta ar fáil do mhic linn ar bhonn duine ar dhuine. Cuireadh teagasc ar mhic léinn trí leas a bhaint as Córas VAK (Córas Closamhairc Cinéistéiseach).

### **Seirbhís Comhairleoireachta**

- I rith bhliain acadúil 2010/11, rinne 10% de líon na mac léinn cláraithe teagmháil leis an tseirbhís go díreach maidir le sceidealú réamhchoinne agus uaidh seo, rinne 7.5% díobh teagmháil dhíreach le seirbhís comhairleoireachta na mac léinn.
- Ghlac 175 mac léinn le conradh síciteiripeach – ar méadú réidh seo ar líon na n-atreuithe mic léinn.

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

- Cuireadh 890 comhairliúchán mic léinn díreach ar fáil le linn an téarma a mhair idir 30 nóiméad agus 2 uair.

### **Seirbhís Leighis**

- Tá Ionad Sláinte na Mac Léinn ag oibriú le 13 bliana anuas, agus cuireann siad cúram leighis agus altranais ar fáil do mhic léinn chláráithe den IADT.
- Láimhseáiltear cásanna éigeandála amhail a thagann siad aníos, agus is gnách go mbíonn fáil ar choinní neamhphráinneacha laistigh de 1-3 lá. Gearrtar táille €10 ar chomhairliúcháin leis an Dochtúir Ginearálta, ach ní ghearrtar aon táille do chomhairliúcháin leis an Altra.
- Cuireadh 3,344 comhairliúchán ar fáil do mhic léinn le linn bhliain acadúil 2010/11 ar an iomlán, b'othair fhireanna 853 díobh agus b'othair bhaineanna 2,491 díobh. Bhí an t-éileamh ba mhó ar an tseirbhís i Samhain 2010 agus i Márta 2011.
- I measc na réimsí tábhachta a sainaitníodh bhí pleanáil clainne, scagthástáil sláinte ghnéis, agus dúlagar/fadhbanna meabhairshláinte agus riochtaí ainsealacha a dhiagnóisiú.

### **An tSeirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde**

Léiríonn soláthar na Seirbhíse Scríbhneoireachta agus Taighde feasacht na hInstitiúide ar éagsúlacht mhéadaitheach na riachtanas atá ann i measc na mac léinn, ar an mbeartas cuimsithe do na mic léinn uile, lena n-áirítear mic léinn a bhfuil Saindeacracht Foghlama (SDF) orthu san áireamh, agus ar na dualgais reachtúla atá ann ó thaobh freastal ar a riachtanais agus ar theidlíochtaí mac léinn. Oibríonn an tSeirbhís ar roinnt leibhéil éagsúla ar fud na hInstitiúide d'fhonn réimse cuimsitheach de thacaíochtaí a chur ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear Measúnú Riachtanas, tacú le hiarratais ar chistiú, comhréitigh i dtaca le scrúduithe, dul i dteagmháil le ceannasaithe roinne, comhordaitheoirí cúrsa agus léachtóirí maidir le deacrachtaí atá ag mic léinn.

- Is iad cuspóirí na Seirbhíse ná cabhair a thabhairt do mhic léinn chun a lánchumas a bhaint amach, éileamh ar acmhainní foirne a laghdú agus a chinntiú go mbaintear caighdeán riachtanais na gcúrsaí amach. Baintear é seo amach trí mheascán de sheimineáir maidir le hábhair is cúram do mhic léinn a reachtáil, ranganna teagaisc duine le duine a shocrú d'fhonn dul i ngleic le deacrachtaí mac léinn aonair, agus áiseanna tacaíochta a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil Saindeacrachtaí Foghlama/Disléicse orthu. Ina theannta sin, tá an Comhordaitheoir Seirbhíse cáilithe anois mar 'Measúnóir Riachtanais' chun an cháipéisíocht uile riachtanas um Anailís Riachtanas a chomhlánú do mhic léinn a dhéanann iarratas ar chistiú don Chiste na Mac Léinn faoi Mhíchumas.

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

- I measc na seimineár a cuireadh ar tairiscint bhí seimineáir ar ghlacadh nótaí, teicnící léimh, scríobh aistí, stíl acadúil, tagairtí a dhéanamh, scileanna taighde, bainistíocht ama, pleanáil tráchtas, leagan amach spriocanna/ spriocdhátaí, teicnící i gcomhar scrúduithe, scileanna láithreoireachta, agus seimineáir a bhain le cúrsaí ar leith.
- Sa mhullach ar thacaíocht speisialaithe, cuireann an WRSS seirbhís sciata ar fáil tar éis don fhoireann thú a atreorú d'fhonn a shoiléiriú céard a d'fhéadfadh bheith i gceist le deacrachtaí mic léinn. Chun diagnóis chríochnaitheach Disléicse/Saindeacracht Foghlama a dhéanamh, is gá do shíceolaí oideachasúil measúnú iomlán a dhéanamh.
- I rith 2010/11, bhí an tSeirbhís ar fáil do mhic léinn cúig lá sa tseachtain, agus bhí fáil ar sheisiún tráthnóna amháin. Bhí an tSeirbhís in ann freastal ar an méadú géar ar mhic léinn a cláraíodh den chéad uair agus an leibhéal tacaíochta do mhic léinn ar a bhfuil Saindeacrachtaí Foghlama mar gheall ar na huaireanta méadaithe.
- Dlúthoibríonn an tSeirbhís leis an Oifig Rochtana lena chinntiú go ngníomhachtaítear gach cistiú agus tacaíocht ar a bhfuil fáil ó Chistiú Seachtrach ón Chiste ESF na hOifige Náisiúnta Rochtana.
- Coimeádann an SST i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha, ar nós na hOifige Rochtana ar Ardoideachas agus ar Mhíchumas, an Oifig Rochtana Náisiúnta agus Cumann Disléicse na hÉireann.
- In 2010/2011, chláraigh 167 mac léinn ag a raibh saindeacrachtaí foghlama leis an SST. Seo méadú thart ar 19% ar fhiigiúr 2009/2010 nuair a chláraigh 140 mac léinn leis an tseirbhís.
- Tugann figiúirí a d'éisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit le fios méadú bliain ar bhliain ar an líon mic léinn ag a bhfuil saindeacrachtaí foghlama a ndéonaítear oiriúntas dóibh don Ardteistiméireacht. Is éard a d'éascair as seo méadú ar na líonta mic léinn ag a bhfuil SDFanna a ghlacann páirt san ardoideachas.

### **An tSeirbhís Gairmthreorach**

- I measc na hoibre a dhéanann an tSeirbhís Ghairmthreorach, tá cruinnithe duine le duine le mic léinn, fiosrúcháin ó mhic léinn, cuairteanna ar sheomraí ranga agus láithreoireachtaí maidir le gairmeacha beatha, an Clár um Oideachas Gairmeacha Beatha – láithreoireachtaí ag am lóin agus aoichainteoírí, teagmháil le fostóirí, lena n-áirítear mic léinn agus céimithe a chur ar an eolas faoi dheiseanna fostaíochta, Taispeántais Ghairmeacha Beatha do Chéimithe, bunachar sonraí a fhorbairt chun teagmháil idir céimithe agus fostóirí a éascú, Suirbhéanna faoi Cheannphointí Céimithe.

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

- Tháinig méadú 9% ar choinní comhairleoireachta duine le duine aníos go dtí 188 le haghaidh 2010/11, a chuimsigh na limistéir a leanas: roghanna cláir/ábhair, aistarraingt ó chláir/iarchur clár, dul ar aghaidh ó Leibhéal 7 go dtí Leibhéal 8, staidéar iarchéime, straitéisí cuardaigh phoist, ag oibriú/ag taisteal thar lear, CV agus iarratais, agallaimh, taithí oibre, obair pháirtaimseartha/shamhraidh agus scoláireachtaí.
- Úsáideadh na meicníochtaí a leanas chun mic léinn a chur ar an eolas faoi gníomhaíochtaí na Seirbhíse Gairmeacha Beatha:
  - Suíomh Idirlín Aontas na Mac Léinn (an clár post go háirithe)
  - Bunachar sonraí na Seirbhíse Gairmthreorach
  - Blackboard VLE
  - Cláir fógraí ar fud na hInstitiúide
  - Clár Ionduchtúcháin do Mhic Léinn na Chéad Bhliana
- Tugann an Clár um Oideachas Gairmthreorach láithreoireachtaí díreacha do ghrúpaí ranga (blianta bronnta céime) – i measc na láithreoireachtaí, bhí Pleanáil Gairmeacha sa Bhliain Dheiridh; ‘Scileanna Infhostaithe’ agus ‘Do Thodhchaí a Stiúradh – Conas do Ghairm a Choimeád le linn an Chúlaithe Gheilleagraigh. I measc na láithreoireachtaí ó chainteoirí seachtracha bhí láithreoireachtaí ar ‘Ag Oibriú/ag Oibriú go Deonach thar Lear’ agus ‘Líonrú agus Cuardach Gníomhach Post’.
- Tugadh faoin Suirbhé bliantúil ar Cheannphointí Chéimithe ar chóhort céimithe 2009 in 2010. The annual Graduate Destinations Survey of the 2009 graduate cohort was undertaken in 2010. Fuarthas sonraí úsáideacha de thoradh ar an suirbhé seo agus leanfar ar aghaidh leis an suirbhé as seo amach.

### **3.7.2 Aontas na Mac Léinn**

Bunaíodh Aontas na Mac Léinn i Samhain 1998 ag an Institiúid chun ionadaíocht a dhéanamh do leas na mac léinn agus iad ag déileáil le húdaráis na hInstitiúide, agus d'fhonn cur le saol sóisialta agus cultúrtha na mac léinn ar an gcampas. Tá Aontas na Mac Léinn cleamhnaithe le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. Ba iad an tUasal Joseph Geary agus an tUasal Marie Farrell an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán faoi seach do bhliain acadúil 2010/2011.

In 2011, vótáil Aontas na Mac Léinn chun a bhfoireann oifigeach a mhéadú agus thacaigh an Institiúid leis seo. Tháinig méadú ar na poist shabóideacha go dtí Uachtarán agus beirt Leas-Uachtarán: Leas agus Oideachas.

## **4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha**

### **4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha**

#### **4.1.1 Tionscadail**

**An Tionscadal ‘Moose on the Luas’** – ba chomhpháirtíocht a bhí i gceist leis an tionscadal seo idir an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA), an IADT agus Scoil na nEalaíon Cruthaitheach chun seoladh shíneadh bhealach Luas Ghort na Silíní a cheiliúradh. Ghlac mic léinn Déanta Samhaltán páirt san imeacht ‘Lá Spraoi Saor in Aisce don Teaghlach’ Dé Sathairn an 16 Deireadh Fómhair 2010, agus rinneadh a samhail de mhús a thaispeáint ag stop Luas Bhaile an Locháin.

**Dámhachtainí Ilchultúrtha Óige** – bhuaigh tionscadal ealaíne dar teideal ‘Happiness’, ar tugadh faoi leis an Lucht Siúil mar chuid de thionscadal na gCuntas Díomhaoin Dámhachtain Ilchultúrtha Óige. Aithníonn na dámhachtainí seo cruabair dhaoine óga (Éireannaigh agus Neamh-Éireannaigh) trí thionscnaimh imeasctha agus feasachta cultúrtha a théann chun tairbhe pobal nach bhfuil ann chomh fada sin agus pobal faoina bhfuil bonn níos bunaithe araon i sochaí na hÉireann. Bhronn an tUachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa, na dámhachtainí an 19 Samhain 2010. (Miontuairiscí Feidhmiúcháin 22/11/10)

**Dámhachtain Phobail Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2010** – bhuaigh an tionscadal ealaíne ‘Happiness’ Bonn Óir i gcatagóir na hEalaíne. Bhronn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an dámhachtain. Áiríodh leis an duais €1,000 a úsáideadh chun breis cistiú a chur ar fáil do thionscadal na gCuntas Díomhaoin.

**Fiontraithe scáileáin á gCruthú ag Líonra Eorpach [European Network Growing A Generation of screen Entrepreneurs (ENGAGE)]** – bhí an 4ú sraith bhliantúil de Cheardlanna ENGAGE ar siúl ar an gcampas Dé Luain an 4 Aibreán. Is tionscnamh comhoibritheach é ENGAGE idir an IADT agus institiúidí ardoideachais in Albain, an Eastóin agus an Fhionlainn.

**Scoil Samhraidh na Cibirshíceolaíochta** – Bhí an chéad Cyber.psych2011, an Scoil Samhraidh Fhíorúil Thumthach agus Cibirtheicneolaíochtaí ón 13 go dtí an 17 Meitheamh 2011. Ghlac caoga rannpháirtí ón ardoideachas páirt inti agus bhí mic léinn agus foireann an IADT, mar aon leis an tionscal ina measc. Rinne Snáithe Thionscnamh Forbartha Taighde 3 – Scoil Samhraidh de chuid an IRCHSS an Scoil Samhraidh a chistiú.

### **4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha**

**Mic Léinn Erasmus** – le linn na bliana acadúla 2010/11, cruthaíodh naisc nua Erasmus le hInstitiúidí tríú leibhéal sa Spáinn, sa Tuirc agus sa Fhrainc.

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

**Dámhachtainí Scannán FÍS** – an 3 Samhain 2010, bhí an séú Bronnadh Dámhachtainí FÍS ar siúl sa Helix in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus bhí an tUachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa mar an aoi onórach. Ba iad Scoil Náisiúnta Naomh Aodán, Sligeach, na buaiteoirí iomlána lena scannán dar teideal 'Awful Arabella'. Ghlac scoileanna fud fad na tíre páirt sa tionscadal chun gearrscannáin a chruthú, agus bhí idir beochan, cláir faisnéise agus drámaí oideachasúla i gceist. Roghnaíodh fiche a cúig scoil dá n-éachtaí den scoth chun páirt a ghlacadh i bhFéile Náisiúnta Scannán FÍS.

**Féile Bheochana na Carraige Duibhe** – i Lúnasa 2011, ghlac líon mic léinn/céimithe den IADT páirt i bhFéile thionscnaimh Bheochana na Carraige Duibhe a d'eagraigh Líonra Gnó na Carraige Duibhe agus ar thacaigh an IADT léi. Is é cuspóir na Féile agus an Chomórtais Bheochana chun tallann atá ag teacht chun cinn agus an tallann atá ann cheana féin sa bheochan agus in insint scéalta a spreagadh in Éirinn agus thar lear araon.

**Comhdháil EDEN 2011** – rinne an IADT comhdháil líonra Eorpach an Chianoideachais a chomhostáil agus bhí sí ar siúl idir an 20 agus an 22 Meitheamh 2011. D'oscail an tUachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa an t-imeacht go hoifigiúil i Hall Uí Raghallaigh, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.

**Lingchlár** – faoi thionscnamh náisiúnta Lingchláir an Rialtais, chuir an IADT áiteanna ar fáil le linn 2010/11 le haghaidh daoine dífhostaithe nó daoine a rinneadh iomarcach i líon clár i réimse an Ghnó agus na Fiontraíochta, Forbairt na Fiontraíochta, Forbairt Bogearraí Soghluaiste, Idirghníomhaíocht Daoine le Ríomhairí agus Trádáil Gnó ar Líne. Reáchtáiltear ceann de na cláir ghnó i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus le Bord Fiontar Contae an DLR.

**Tionscadal Brandála Dhún Laoghaire** – le linn 2010/2011, lean foireann agus mic léinn an IADT le páirt a ghlacadh i dTionscadal Brandála Dhún Laoghaire atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá an tionscadal faoi chistiú 75% ag an gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) trí chlár Interreg IVA na hÉireann-na Breataine Bige de chuid an AE. Is tionscnamh chomhphobal an AE atá ann a bhfuil sé de chuspóir aige comhtháthú geilleagrach agus sóisialta a threisiú trí chomhoibriú idirnáisiúnta agus trasteorann a chur chun cinn. Cruthaíonn foireann agus mic léinn an IADT cuid de Ghrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn Bhaile Dhún Laoghaire agus déanann siad féiniúlacht bhranda Bhaile Dhún Laoghaire a fhorbairt agus a shainiú.

### **4.3 Forbairt an Champais**

#### **Bliain Acadúil 2010-2011**

**An Scoil Náisiúnta Scannán** – i samhradh 2010, cuireadh tú le hobair ar thógáil fhoirgneamh an NFS, ach i Samhain 2010, cuireadh McNamara, an

## **Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

príomhchonraitheoir, i nglacadóireacht. Cuireadh plean teagmhais i bhfeidhm maidir le cur i gcrích an fhoirgnimh agus chun iarmhairtí na neamhfhála ar an bhfoirgneamh a bhainistiú do bhliain acadúil 2011/12.

**Aonad 3, Cearnóg an Chuain, Dún Laoghaire (An Tionscadal Tarraingthe) a ligean ar cíós** – an 15 Meitheamh 2011, ghlac an Comhlacht Rialaithe le réiteach maidir le hAonad 3, Cearnóg an Chuain, Dún Laoghaire a ligean ar cíós. Beartaíodh chun an spás seo a ligean ar cíós do thréimhse 2 bhliain chun ‘an Tionscadal Tarraingthe’ agus bhí sé beartaithe lonnú i bhfoirgneamh na Scoile Náisiúnta Scannán amhail ó Mheán Fómhair 2011.

### **4.4 Bainistíocht Sábháilteachta**

Feidhmíonn an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta mar choiste comhairleach don Fhoireann Feidhmiúcháin Bainistíochta maidir le gach gné de shábháilteacht, de shláinte agus de leas do bhaill foirne, mic léinn, cuairteoirí agus do chonraitheoirí. Le linn bhliain acadúil 2010/11, d'fhreastail baill foirne bhainteacha ar na cúrsaí sábháilteachta seo a leanas: Garchabhair ag an Obair, oiliúint ar roithleáin scríobacha, oiliúint ar scaflra, oiliúint ar Phas Shábháilte agus oiliúint ar Rialú Inrochtaineachta.

An 28 Deireadh Fómhair agus an 17 Samhain 2010, rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) faoi imscrúdú ar an IADT, lena n-áirítear ceardlanna, stiúideonna agus limistéir speisialaithe i Scoil na nEalaíon Cruthaitheach. Mar thoradh air sin, cuireadh líon mionmholtaí i bhfeidhm. Tugadh faoi mheasúnuithe molta riosca agus rinneadh Ráiteas Sábháilteachta na hInstitiúide a nuashonrú agus a fhoilsiú ar stór cáipéisí an IADT.

Bhí cleachtadh dóiteáin ar bun i ngach ceann d'fhoirgnimh an champais an 23 Meán Fómhair 2010. Cé gur tháinig feabhas ar amanna aslonnaithe i gcomparáid le cleachtadh dóiteáin a rinneadh roimhe, teastaíonn breis oibre lena chinntiú go mbaintear amach na hamanna optamacha aslonnaithe i ngach foirgneamh.

Le linn 2010/11, cuireadh tástáil i gcrích ar gach fearas iniompartha ar champas agus tugadh faoi thástáil, chomh maith, ar gach umar agus foinse uisce lena chinntiú go raibh an t-uisce de chaighdeán oiriúnach agus saor ó legionella, i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha.

Bhí Oiliúint ar Phas Sábháilte ar bun do na baill ábhartha foirne i Márta 2011.



## **5. Pearsanra**

### **5.1 Líonta Foirne**

Meánlíon na bhfostaithe bunaithe ar Choibhéisí Lánaimseartha:

	<b><u>2010/11</u></b>
Acadúil	119
Taighde	9
Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann	48
Seirbhísí do Mhic Léinn	6
Tacaíocht Theicniúil	11
Tacaíocht Neamhtheicniúil	<u>13</u>
Iomlán	<u>206*</u>

In 2009, chuir an Rialtas na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimhir 2) i bhfeidhm ina ndéantar foráil le haghaidh uasteorainn rialaithe fostaíochta don IADT. In 2010, b'ionann an uasteorainn don IADT agus 190.49 Coibhéis Lánaimseartha.

*\*áirítear leis na hiomláin, poist faoi chistiú sa mhullach ar an ECF*

### **5.2 Éachtaí Foirne**

**5.2.1** Thug an Dr Annie Doona cur i láthair maidir le 'Sainiúlacht a Choimeád' ag Comhdháil an DRHEA, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (Meitheamh 2011)

#### **5.2.2 Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí**

Le linn bhliain acadúil 2010/11, thug na baill foirne a leanas cur i láthair ag comhdhálacha:

Kerry McCall

- 'A Determination of Cultural Value' ag an Líonra Taighde um Staidéar Tomhaltóra, Las Vegas, SAM

Michael Murphy

- 'The Production of the Irish Music Industry' – Comhdháil Chumann Socheolaíochta na hÉireann, OÉ, Má Nuad

Le linn bhliain acadúil 2010/11, bhí foilseacháin ag na baill foirne a leanas:

An Dr Paula Gilligan, Kerry McCall, Selina Guinness agus Michael Murphy

### 5.2.3 Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Tugadh cuireadh do David Smith bheith mar an gcéad bhall Éireannach de Alliance Graphique Internationale (AGI), arb é an phríomheagraíocht idirnáisiúnta le haghaidh dearthóirí aonair suntasacha. (Samhain 2010)

Le linn bhliain acadúil 2010/11, thug na baill foirne a leanas cur i láthair ag comhdhálacha/siompóisiamáí:

An Dr Linda King

- 'Aer Lingus and The Typography of Domestic Aviation: International Paradigms and National References' – Comhdháil Dhomhanda an ATypI, Caisleán Bhaile Átha Cliath
- 'A Conversation with Lance Wyman' – Comhdháil Offset 2010, Amharclann na Canála Móire
- 'Visual Modernity: Aer Lingus, John Hynde and the Iconography of Irish Tourism' – Comhdháil na hÉireann agus na Nua-Aimsearthachta, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

An Dr Maeve Connolly

- 'A Play for Today: Theatrical and Televisual Currents in Curatorial Practice' – Ollscoil Uladh, Béal Feirste
- 'On Location: Ireland, Artists' Film and Problems of Representation in Contemporary Art Practice' – Comhdháil an CIRHAC, Páras
- 'Rethinking Remediation: Temporalities of Contemporary Art Exhibition' – Ollscoil na nEalaíon, Coláiste Ealaíon agus Deartha Chelsea, Londain

Laurence Riddell

- 'Wikis – Tools for Creativity & Collaboration' (An Dr M. Palmer agus H. Barton) – Comhdháil EDEN, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Le linn bhliain acadúil 2010/11, bhí foilseacháin ag na baill foirne a leanas:  
An Dr Linda King agus an Dr Maeve Connolly

### 5.2.4 Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Le linn bhliain acadúil 2010/11, thug na baill foirne a leanas cur i láthair ag comhdhálacha:

Andrew Power

- 'Online Identities in the Virtual Worlds' – An Cumann Taighde ar an Ardoideachas, Celtic Manor, an Bhreatain Bheag
- 'A New I.D.E.A. for Collaborative Cross Sector Engagement' – (A. Power agus an Dr M. Palmer, an Cumann Idirnáisiúnta Taighde ar Bhainistíocht Phoiblí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- 'New Public Leadership' – An Cumann Idirnáisiúnta Taighde ar Bhainistíocht Phoiblí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

**Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

- 'Typologies of Partnerships in Higher Education' (A. Power agus an Dr M. Palmer) – Comhdháil Chumann Staidéar Oideachais na hÉireann, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Baile Átha Cliath
- 'Impact of Innovation Vouchers' – Comhdháil EDEN, IADT

An Dr Marion Palmer

- 'Developing Teaching in an Institute of Technology' – an 4ú Comhdháil den NAIRTL
- 'Building Bridges Instead of Walls Academic Professional Development through inter-institutional collaboration' – an 4ú comhdháil den NAIRTL/an 3ú comhdháil den RCSI 'Researching Teaching and Learning in Psychology – the scholarship of teaching and learning' – an 40ú Comhdháil Bhliantúil de Chumann Síceolaithe na hÉireann, Óstán Sheraton, Baile Átha Luain
- 'A New I.D.E.A. for Collaborative Cross Sector Engagement' – (A. Power agus an Dr M. Palmer, an Cumann Idirnáisiúnta Taighde ar Bhainistíocht Phoiblí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- 'Typologies of Partnerships in Higher Education' (A. Power agus M. Palmer) – Comhdháil Chumann Staidéar Oideachais na hÉireann, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Baile Átha Cliath
- 'SIF, The Experience of collaboration on teaching and learning projects in one higher education institute', - Comhdháil Bhliantúil Chumann Staidéar Oideachais na hÉireann
- 'Technology and Learning' – Ceardlann Oideachais Inventorium
- 'Online Qualitative Research', 'Developing Online Research Questionnaires', 'Introduction to learning online' – An Comhdháil Chibirshíceolaíochta 2011, IADT
- 'The use of text and technology based training tools to improve cognitive skills in older adults' – an 16ú Comhdháil Chibirshíceolaíochta agus Chibirtheiripe, Ceanada
- 'Wikis – Tools for Creativity & Collaboration' (H. Barton agus L. Riddell) Comhdháil EDEN, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

An Dr Gráinne Kirwan

- 'The use of text and technology based training tools to improve cognitive skills in older adults' – an 16ú Comhdháil Chibirshíceolaíochta agus Chibirtheiripe, Ceanada

Hannah Barton

- 'Wikis – Tools for Creativity & Collaboration' (an Dr M. Palmer agus L. Riddell) - Comhdháil EDEN, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Le linn bhliain acadúil 2010/11, bhí foilseacháin ag na baill foirne a leanas:

Andrew Power, an Dr Marion Palmer agus an Dr Gráinne Kirwan

## **6. Tuarascálacha Airgeadais**

### **6.1 Tuarascáil Airgeadais 2010/2011**

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta a fhaomhadh gan choinníoll an 30 Samhain 2012.

Leagtar *Leagan Giorraithe* de na Ráitis Airgeadais amach in Aguisín A.I.

## **7. Comhionannas Deiseanna**

Is fostóir agus soláthróir oideachais comhionannas deiseanna í Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ní dhéanann sí leithcheal ar bhaill foirne ná ar mhic léinn ar chor ar bith ar bhonn inscne, aoise, cine, creidimh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumais ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá sí tiomanta do bhacainní ar an oideachas a dhíbirt agus do thús a chur le gníomhaíocht dhearfach d'fhonn deiseanna a chruthú agus a fhairsingiú ar bhonn cuimsitheach.

**Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

**Aguisín A.I.**

**Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2010/2011**

**An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais**

	<u>don bhliain dar críoch</u> <u>an 31 Lúnasa 2011</u> <b>€000</b>	<u>don bhliain dar críoch</u> <u>an 31 Lúnasa 2010</u> <b>€000</b>
<b>IONCAM</b>		
Deontas Stáit	8,643	9,408
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	2,482	1,662
Táille Teagaisc	5,572	5,676
Táillí Cláraithe Mic Léinn	3,002	3,032
Deontais agus Conarthaí Taighde	1,087	1,290
Ioncam aitheanta ó Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	148	200
Ioncam ó Ús	397	251
Ioncam Eile	<u>1,352</u>	<u>1,094</u>
	<u>22,683</u>	<u>22,613</u>
<b>CAITEACHAS</b>		
Ranna Acadúla	9,120	9,202
Seirbhísí Acadúla	430	424
Costais Saoráidí	2,206	1,916
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí TFC	4,931	3,819
Costais Ghinearálta Oideachasúla	274	319
Seirbhísí maoinithe ag an Táille Cláraithe Mic Léinn	875	989
Deontais agus Conarthaí Taighde	983	1,265
Ioncam feidhmithe ó Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	165	233
Dímheas	<u>1,740</u>	<u>1,662</u>
	<u>20,724</u>	<u>20,263</u>
<b>BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN</b>	1,959	2,794
<b>LEITHROINNTE AR AN gCÚLCHISTE FORBARTHA CAIPITIL (244)</b>		(152)
<b>DÍSCRÍOBH DEONTAIS ATHFILLTIGH STÁIT</b>	0	(1,181)
<b>BARRACHAS CARNACH AMHAIL AN 1 MEÁN FÓMHAIR</b>	<u>6,243</u>	<u>4,782</u>
<b>BARRACHAS CARNACH AMHAIL AN 31 LÚNASA</b>	<u>7,958</u>	<u>6,243</u>

Níl aon sochar ná dochar aitheanta ann seachas a bhfuil luaite thuas.

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 26 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:**

**Rónán Ó Muirthile: Cathaoirleach**

**An Dr Annie Doona Uachtarán**

**Clár Comhardaithe (Ráitis Airgeadais 2010/2011)**

	<b><u>2011</u></b> <b><u>€000</u></b>	<b><u>2010</u></b> <b><u>€000</u></b>
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>		
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	35,853	34,972
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>		
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	813	740
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	<u>10,556</u>	<u>8,543</u>
	11,369	9,283
<b>DLITEANAIS REATHA</b>		
Creidiúnaithe agus Costais Fhabhráithe		
Suimeanna a bheidh dlite laistigh de Bhliain amháin	<u>(1,785)</u>	<u>(1,658)</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>	<u>9,584</u>	<u>7,625</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>	<u>45,437</u>	<u>42,597</u>
<b>ARNA LÉIRIÚ AG:</b>		
<b>Deontais Chaipitil Iarchurtha</b>	35,853	34,972
<b>An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais</b>	7,958	6,243
<b>An Cúlchiste Forbartha Caipitil</b>	<u>1,626</u>	<u>1,382</u>
	<u>45,437</u>	<u>42,597</u>

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 26 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:**

**Rónán Ó Muirthile: Cathaoirleach**

**An Dr Annie Doona Uachtarán**

**Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire**

**An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid (Ráitis Airgeadais 2010/2011)**

<u>críoch</u>	<u>don bhliain dar críoch</u>	<u>don bhliain dar</u>
	<u>an 31 Lúnasa 2011</u>	<u>an 31 Lúnasa 2010</u>
<b>Réiteach an bharrachais oibriúcháin go dtí insreabhadh glanairgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Barrachas Oibriúcháin	1,959	2,794
Ioncam ó Ús	(397)	(251)
Dímheas	1,740	1,662
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	742	0
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	(2,482)	(1,662)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	84	1,112
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe	127	(320)
Díscríobh Deontais Athfhilltigh an Stáit	<u>0</u>	<u>(1,181)</u>
<b>Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b><u>1,773</u></b>	<b><u>2,154</u></b>

**RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGEADAIS**

**Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** 1,773 2,154

**Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais**

Ús arna Fháil 240 216

**Caiteachas Caipitil**

Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil (3,363) (962)

**Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitil** (3,363) (962)

**Maoiniú**

Deontais Stáit Chaipitil a caitheadh ar Shócmhainní Seasta 2,725 492

Deontais Stáit Athfhilltigh a caitheadh ar Shócmhainní Seasta 636 470

Airgead eile a caitheadh ar Shócmhainní Seasta 2 0

**Glan-insreabhadh Airgid de thoradh ar Mhaoiniú** 3,363 962

**Méadú ar Airgead** 2,013 2,370

**Réiteach an Mhéadaithe ar Shreabhadh Airgid go dtí gluaiseacht sna Glanchistí**

Glanchistí amhail an 1 Meán Fómhair 8,543 6,173

Glanchistí amhail an 31 Lúnasa 10,556 8,543

2,013 2,370

**Arna shíniú thar ceann an Chomhlacht Rialaithe:**

**Rónán Ó Muirthile: Cathaoirleach**

**An Dr Annie Doona Uachtarán**